Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2025
(OR. en)

10758/25

LIMITE

CORLX 631
CFSP/PESC 961
MOG 61

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532[1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2023/1532, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 27 Iúil 2026 agus ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt agus le heintiteas amháin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an dáta '27 Iúil 2026' in ionad an dáta '27 Iúil 2025';

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 dar teideal 'Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 3', mar a leanas:

(1) ar an liosta dar teideal ‘A. Daoine nádúrtha’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 7 agus 20:

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘7. | Mohammad-Reza Gharaei ASHTIANI | مد رضا قرایی آشتیانی<br>(Litriú Fairsise) | Post/poist: Leas-Cheann Foirne Fhórsaí Armtha na hIaráine<br>Dáta breithe: 1960<br>Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Tá Mohammad-Reza Gharaei Ashtiani ina Leas-Cheann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine ó mhí Lúnasa 2024.<br>Bhí sé mar Aire Cosanta Phoblacht Ioslamach na hIaráine (Lúnasa 2021 – Lúnasa 2024) agus bhí sé freagrach as an Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fórsaí Armtha (MODAFL) atá liostaithe ag an Aontas.<br>Tá MODAFL freagrach as pleanáil, lóistíocht agus cistiú Fhórsaí Armtha na hIaráine. Is príomhghníomhaí é freisin i dtionscal cosanta na hIaráine agus ilchuideachtaí agus fo-ilchuideachtaí aige atá gníomhach i dtaighde agus i bhforbairt, i gcothabháil agus i monarú trealaimh mhíleata, lena n-áirítear monarú aerárthaí gan foireann. | 31.5.2024 |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá baint ag MODAFL freisin le gléasra comhpháirteach a chur ar bun chun aerárthaí gan foireann a tháirgeadh agus chun aerárthaí gan foireann a dhíol leis an Rúis atá beartaithe lena n-úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br><br>Ina fheidhm mar Leas-Cheann Foirne Fhórsaí Armtha na hIaráine, déanann Mohammad-Reza Gharaei Ashtiani comhordú agus maoirseacht ar an ngnáth-arm agus ar Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus tá dlúthbhaint aige le hArdcheannaire na hIaráine. Ós rud é go ndéanann sé maoirseacht ar IRGC, áirítear leis sin freisin Aerospace Force IRGC, atá freagrach as clár aerárthaí gan foireann na hIaráine. Dá bhrí sin, tá ról maoirseachta aige ar an gclár diúracán agus ar an gclár aerárthaí gan foireann araon. Sa ról atá aige, tá sé ag tacú freisin le comhar míleata na hIaráine leis an Rúis.<br><br>Agus é ina Leas-Cheannaire Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine, tá baint dhíreach ag Mohammad-Reza Gharaei Ashtiani le cláir aerárthaí gan foireann agus diúracán na hIaráine agus tá baint aige le haerárthaí gan foireann na hIaráine a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 20. | Mohammad Reza KHIABANI | خیابانی مدرس محمدرضا<br>(Litriú Fairsise) | Post/poist: Stiúrthóir IRISL<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlacaithe: Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL); Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN); Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC/SSJO) | Is é Mohammad Reza Khibani stiúrthóir Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL) atá liostaithe ag an Aontas, agus ar mór-iompróir muirí de chuid na hIaráine é.<br>Le blianta fada, tá longa ar le IRISL nó a chuideachtaí cleamhnaithe iad nó atá á mbainistiú acu, bainteach le lasta míleata a sheoladh agus le gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt don Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin, agus do ghrúpaí armtha agus eintitis a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, go háirithe maidir le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus cuid dá bhrainsí, go háirithe an Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN) (atá liostaithe ag an Aontas) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC/SSJO) (atá liostaithe ag an Aontas chomh maith). | 18.11.2024'; |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Déanann Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN), atá liostaithe ag an Aontas, longa coimeádán atá, nó a bhí, faoi úinéireacht Ghrúpa IRISL a thiontú ina n-iompróirí ladrann. Is cuid de IRGC é IRGCN, agus áirítear ann rannán aerárthaí gan foireann agus rannán diúracán. Tá baint ag IRGCN le clár aerárthaí gan foireann agus le clár diúracán na hIaráine, agus tá sé bainteach le diúracáin de chuid na hIaráine a aistriú chuig grúpaí agus eintitis armtha a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua.<br><br>Is aonad taighde agus forbartha é IRGC/SSJO atá mar chuid de IRGC, dream a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn radair treáite talún, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaidh. Tá baint ag IRGC/SSJO le cláir aerárthaí gan foireann agus diúracán na hIaráine agus leis na haerárthaí gan foireann arna n-aistriú ag an Iaráin chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, ina phríomhphost bainistíochta mar stiúrthóir ar IRISL, tá baint ag Mohammad Reza Khiabani le haerárthaí gan foireann nó diúracáin nó teicneolaíochtaí gaolmhara na hIaráine a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin agus chuig grúpaí agus eintitis armtha a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, agus tá baint aige le brainsí de chuid IRGC, go háirithe IRGC/SSJO (atá liostaithe ag an Aontas) agus IRGCN (atá liostaithe ag an Aontas chomh maith). | |

(2) ar an liosta dar teideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí', cuirtear an méid a leanas in ionad iontrálacha 20:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '20. | Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL) | گروه کشتیرانی جمهوری اسلامی ایران<br><br>(Litriú Fairsise) | Áit chlárúcháin: An Iaráin<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Mohammad Reza Khiabani (stiúrthóir)<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN); Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC/SSJO) | Is mór-iompróir muirí náisiúnta de chuid na hIaráine é Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL).<br><br>Le blianta fada, tá longa ar le IRISL nó a chuideachtaí cleamhnaithe iad nó atá á mbainistiú acu, bainteach le lasta míleata a sheoladh agus le gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt don Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin, agus do ghrúpaí armtha agus eintitis a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, go háirithe i ndáil le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus cuid dá bhrainsí, go háirithe an Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN) (atá liostaithe ag an Aontas) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC/SSJO) (atá liostaithe ag an Aontas chomh maith). | 18.11.2024'. |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Déanann Islamic Revolutionary Guard Corps Navy (IRGCN) na hIaráine, atá liostaithe ag an Aontas, longa coimeádán atá, nó a bhí, faoi úinéireacht Ghrúpa IRISL a thiontú ina n-iompróirí ladrann. Is cuid de IRGC é IRGCN, agus áirítear ann rannán aerárthaí gan foireann agus rannán diúracán. Tá baint ag IRGCN le clár aerárthaí gan foireann agus le clár diúracán na hIaráine, agus tá sé bainteach le diúracáin de chuid na hIaráine a aistriú chuig grúpaí agus eintitis armtha a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua.<br><br>Is aonad taighde agus forbartha é IRGC/SSJO atá mar chuid de IRGC a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn radair ar an talamh, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaidh. Tá baint ag IRGC/SSJO le cláir aerárthaí gan foireann agus diúracán na hIaráine agus leis na haerárthaí gan foireann arna n-aistriú ag an Iaráin chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, tá baint ag IRISL le haerárthaí gan foireann nó diúracáin nó teicneolaíochtaí gaolmhara na hIaráine a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin, agus chuig grúpaí armtha agus eintitis a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, agus tá baint aige le brainsí de chuid IRGC, go háirithe IRGC/SSJO (atá liostaithe ag an Aontas) agus IRGCN (atá liostaithe ag an Aontas chomh maith). | |

PUBLIC